**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Buiséid*

**2018/0202(COD)**

7.11.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED)
(COM(2018)0380 – C8-0231/2018 – 2018/0202(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Manuel dos Santos

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) An 14 Márta 2018 agus an 30 Bealtaine 2018, chuir Parlaimint na hEorpa béim ina rúin maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 ar an tábhacht atá le prionsabail chothrománacha ar cheart iad a bheith mar bhonn taca do CAI 2021-2027 agus do beartais ghaolmhara uile an Aontais. Sa chomhthéacs sin, d'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a seasamh nach mór don Aontas a ghealltanas a chomhlíonadh maidir le bheith ina cheann feadhna i gcur chun feidhme Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SPInna) na Náisiún Aontaithe agus chuir sí iúl gur údar imní di an easpa tiomantas soiléir agus follasach chuige sin i dtograí an chreata airgeadais ilbhliantúil. D'iarr Parlaimint na hEorpa, dá bhrí sin, go ndéanfaí na SPInna a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais agus i dtionscnaimh uile an chéad CAI eile. Chuir sí in iúl freisin go bhfuil díothú an idirdhealaithe ríthábhachtach chun gealltanais an Aontais maidir le Eoraip chuimsitheach a chomhlíonadh agus d'iarr sí, dá bhrí sin, go mbeadh na gealltanais ar fad maidir le príomhshruthú inscne agus comhionannas inscne ina gcuid de bheartais uile an Aontais agus de thionscnaimh uile an chéad CAI eile. Leag Parlaimint na hEorpa béim ar a seasamh gur cheart méadú suntasach a dhéanamh, ar bhonn Chomhaontú Pháras, ar an gcaiteachas cothrománach*** |

| | |
|---|---|
| | ***a bhaineann leis an aeráid i gcomparáid leis an gcaiteachas sin faoin CAI atá ann faoi láthair agus gur cheart 30 % a bhaint amach a luaithe is féidir agus faoi 2027 ar a dhéanaí.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 a) Sa rún uaithi an 30 Bealtaine 2018 maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus acmhainní dílse, d'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a seasamh daingean i ndáil leis an leibhéal maoinithe is gá do phríomhbheartais an Aontais in CAI 2021-2027, chun gur féidir leo a gcuid misean agus cuspóirí a chomhlíonadh. Chuir sí béim go háirithe ar an éileamh go ndúblófaí an cistiú sonrach sa CAI d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige; chuir sí fáilte roimh roinnt tograí lena gcuirtear feabhas ar na forálacha atá ann faoi láthair, go háirithe an méadú ar leithdháiltí ionstraimí speisialta; agus chuir sí in iúl go bhfuil rún aici caibidlíocht a dhéanamh ar fheabhsuithe breise, in aon chás inar gá.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Maidir le hoibrithe a leagadh as agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ba cheart rochtain chothrom a bheith acu ar CED, ar shlí nach bhfuil spleách ar an | (18) Maidir le hoibrithe a leagadh as agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ba cheart rochtain chothrom a bheith acu ar CED, ar shlí nach bhfuil spleách ar an |

| | |
|---|---|
| gcineál conartha fostaíochta ná ar an gcineál caidrimh fostaíochta a bhí acu. Dá bhrí sin, oibrithe a leagadh as mar aon le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí, ba cheart iad a mheas mar thairbhithe CED chun críocha an Rialacháin seo. | gcineál conartha fostaíochta ná ar an gcineál caidrimh fostaíochta a bhí acu. Dá bhrí sin, maidir le hoibrithe a leagadh as agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí***, lena n-áirítear úinéirí agus bainisteoirí micrifhiontar agus fiontar beag,*** ba cheart iad a mheas mar dhaoine a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as CED chun críocha an Rialacháin seo. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) D'fhonn tacaíocht éifeachtach agus thapa a thabhairt do thairbhithe, ba cheart do na Ballstáit a lándícheall a dhéanamh iarratais chomhlánaithe ar ranníocaíocht ó CED a thíolacadh. I gcás ina dteastaíonn tuilleadh faisnéise ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar iarratas, ba cheart teorainn ama a bheith le soláthar na faisnéise breise sin. | (22) D'fhonn tacaíocht éifeachtach agus thapa a thabhairt do thairbhithe, ba cheart do na Ballstáit a lándícheall a dhéanamh iarratais chomhlánaithe ar ranníocaíocht ó CED a thíolacadh. I gcás ina dteastaíonn tuilleadh faisnéise ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar iarratas, ba cheart teorainn ama a bheith le soláthar na faisnéise breise sin. ***Tá sé tábhachtach go n-oibreodh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar le chéile chun na sprioc-amanna chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, mar a shonraítear sa Rialachán seo iad, a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27 a) Chun na riachtanais a thagann chun cinn a chumhdach, go háirithe le linn na chéad mhíonna de gach bliain, i gcás ina bhfuil na roghanna le haghaidh aistrithe ó línte buiséid eile teoranta go háirithe, ba cheart méid leordhóthanach*** |

| | |
|---|---|
| | ***leithreasaí íocaíochta a chur ar fáil ar líne bhuiséid CED sa nós imeachta buiséadach bliantúil.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Clár seo chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá ann 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an chiste, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht a dhéanfar ar an gciste. | (37) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Clár seo chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá ann 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide ***i gcaitheamh thréimhse CAI 2021-2027, agus le baint amach sprioc bhliantúil de 30 % a luaithe agus is féidir agus ar a dhéanaí faoi 2027***. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an chiste, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht a dhéanfar ar an gciste. |

*Réasúnú*

*Sa rún uaithi an 14 Márta 2018 maidir leis an gcéad CAI eile: Ag ullmhú sheasamh na Parlaiminte maidir le CAI tar éis 2020 (2017/2052(INI)), d'iarr Parlaimint na hEorpa go mbeadh an sprioc ann go ndéanfaí 30 % de chaiteachais bhuiséid an Aontais lena dtacaítear le cuspóirí aeráide a bhaint amach a luaithe is féidir agus faoi 2027 ar a dhéanaí.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é cuspóir ginearálta an chláir dlúthpháirtíocht a léiriú le hoibrithe a leagadh as agus ***le*** daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí oibre de dheasca mórtheagmhais athstruchtúraithe nach raibh coinne leo dá dtagraítear in Airteagal 5, agus tacaíocht a thabhairt do na daoine sin. | 1. Is é cuspóir ginearálta an chláir ná dlúthpháirtíocht a léiriú le hoibrithe a leagadh as agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí oibre de dheasca mórtheagmhais athstruchtúraithe nach raibh coinne leo, dá dtagraítear in Airteagal 5, agus tacaíocht ***airgeadais*** a thairiscint ***chun críocha bearta maidir le athfhostú i dtaca leis*** na daoine sin. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é cuspóir sonrach CED cúnamh a thairiscint i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, go háirithe na mórtheagmhais sin a tharla de bharr dúshláin a bhaineann leis an domhandú, amhail athruithe i bpatrúin na trádála domhanda, díospóidí trádála, géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíochta, an taistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin nó de bharr dúshláin a bhaineann leis an digitiú nó leis an uathoibriú. Cuirfear béim ar leith ar na bearta a chuidíonn leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. | 2. Is é cuspóir sonrach CED cúnamh a thairiscint ***chun críocha ath-imeascadh sa mhargadh saothair*** i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, go háirithe na mórtheagmhais sin a tharla de bharr dúshláin a bhaineann leis an domhandú, amhail athruithe i bpatrúin na trádála domhanda, díospóidí trádála, géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíochta, an taistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin nó de bharr dúshláin a bhaineann leis an digitiú nó leis an uathoibriú. Cuirfear béim ar leith ar na bearta a chuidíonn leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh an ranníocaíocht ó CED teoranta don mhéid is gá le tacaíocht shealadach, aonuaire a sholáthar do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu. | 3. Beidh an ranníocaíocht ó CED teoranta don mhéid is gá ***chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis*** na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu***, agus tacaíocht*** |

Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CED dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena náirítear na rialacha maidir le Státchabhair.

***shealadach, aonuaire a sholáthar dóibh.*** Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CED dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena náirítear na rialacha maidir le Státchabhair.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena náirítear faisnéis spriocdhírithe do thairbhithe, d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do chomhpháirtithe sóisialta, do na meáin agus don phobal. | Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena náirítear faisnéis spriocdhírithe do thairbhithe, d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do chomhpháirtithe sóisialta, do na meáin agus don phobal. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear béim ar bhreisluach an chistithe agus go gcuideoidh siad le hiarrachtaí an Choimisiúin i dtaca le bailiú sonraí chun an trédhearcacht bhuiséadach a threisiú***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún láithreacht ar líne a chothabháil agus a nuashonrú go rialta, a bheidh inrochtana sna teangacha oifigiúla uile de chuid an Aontais, chun faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil maidir le CED, mar aon le treoir maidir le hiarratais a chur isteach, chomh maith le faisnéis maidir le hiarratais ar glacadh leo agus a diúltaíodh, agus ar ról Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa nós | 2. Déanfaidh an Coimisiún láithreacht ar líne a chothabháil agus a nuashonrú go rialta ***ar bhealach atá soiléir agus intuigthe ag an úsáideoir***, a bheidh inrochtana sna teangacha oifigiúla uile de chuid an Aontais, chun faisnéis nuashonraithe ***agus sonraí cur chun feidhme*** a chur ar fáil maidir le CED ***ón uair a bunaíodh é***, mar aon le treoir maidir le hiarratais a chur isteach, chomh maith le |

imeachta buiséadach. | faisnéis maidir le hiarratais ar glacadh leo agus ar diúltaíodh dóibh, agus ar ról Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa nós imeachta buiséadach.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht ó CED a sholáthar á gcomhlíonadh, ***iarrfaidh*** sé go ndéanfar na línte buiséid ábhartha a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais. | 1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar á gcomhlíonadh, tíolacfaidh sé ***togra chun an ranníocaíocht sin a shlógadh***. ***Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh maidir le CED a shlógadh go comhpháirteach laistigh de mhí amháin tar éis an togra a bheith curtha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe agus gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í agus trí thrí chúigiú de na vótaí arna gcaitheamh.*** <br><br> ***An tráth céanna a thíolacfaidh sé a thogra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle*** maidir le haistriú chuig na línte ábhartha buiséadacha***. I gcás easaontais, cuirfear tús le nós imeachta tríthaobhach.*** <br><br> ***Déanfar aistrithe a bhaineann le CED*** i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Ní mór achoimre ar an scrúdú a rinneadh ar incháilitheacht an iarratais a bheith ag gabháil leis an iarraidh ar aistriú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta ***a fhaigheann an Coimisiún fógra faoi fhormheas an aistrithe bhuiséadaigh ag*** Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle***. Cinneadh maoinithe*** a bheidh sa chinneadh sin ***de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais***. | 3. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, a thiocfaidh i bhfeidhm ***an dáta a ghlacfaidh*** Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh ***maidir le CED a shlógadh***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Áireofar na nithe seo a leanas i dtogra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh de bhun mhír 1:***<br>***(a) an measúnú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 9(4), mar aon le hachoimre ar an bhfaisnéis ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe;***<br>***(b) fianaise gur comhlíonadh na critéir atá leagtha síos in Airteagal 5 agus in Airteagal 10; agus***<br>***(c) na cúiseanna lena dtugtar údar cuí leis na méideanna beartaithe.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) |
| **Tagairtí** | COM(2018)0380 – C8-0231/2018 – 2018/0202(COD) |
| **An coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>11.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>11.6.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Manuel dos Santos<br>28.6.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 29.8.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 5.11.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 3<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jean Arthuis, Reimer Böge, Lefteris Christoforou, Gérard Deprez, André Elissen, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, Bernd Kölmel, Zbigniew Kuźmiuk, Vladimír Maňka, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Eleftherios Synadinos, Indrek Tarand, Isabelle Thomas, Inese Vaidere, Daniele Viotti, Tiemo Wölken, Marco Zanni |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Karine Gloanec Maurin, Alain Lamassoure, Janusz Lewandowski, Andrey Novakov |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Michael Detjen |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ALDE | Jean Arthuis, Gérard Deprez |
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk |
| PPE | Reimer Böge, Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, Alain Lamassoure, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Inese Vaidere |
| S&D | Michael Detjen, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Karine Gloanec Maurin, Vladimír Maňka, Isabelle Thomas, Daniele Viotti, Tiemo Wölken |
| VERTS/ALE | Indrek Tarand |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR | Bernd Kölmel |
| ENF | André Elissen |
| NI | Eleftherios Synadinos |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ENF | Marco Zanni |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh